A Story from Seán Mac Mathúna

"Accelerated Curriculum": Part II

1. 'A Thaidhg Ui Chatháin,' arsa an guth. Tháinig líonrith air. 'Siúil aníos anseo!' arsa an guth. Rud a dhein sé. 'Inis scéal dúinn, a Thaidhg!' arsa an guth.
2. 'Ó, sin rud ná fuil agam,' ar seisean, 'níor casadh scéalaí riamh orm go raibh réal ina phóca aige.' Bhain sin tost fada as an slua is tháinig ábhairín eagla air. Ansin labhair an guth arís, 'A Thaidhg, croch suas tiúin ar an veidhlín dúinn!'
3. 'Ó, dhe, mo léir,' arsa Tadhg, 'tá an fear mícheart ar fad agaibh, *sure*, ní aithneoinnse veidhlín thar súiste.' Bhain sin tost ní ba mheasa as an slua. D'fhéach sé ina thimpeall orthu is d'fhás an t-eagla istigh ann.
4. Ach labhair an guth arís, 'Sea, más ea, a Thaidhg, buail cúpla steip amach ar an leic dúinn.'
5. 'Steip, airiú, cúis ghháire ó Dhia chugainn, tá an dá chois ceangailte agam ón lá a saolaíodh mé.' D'fhéach Tadhg ina thimpeall is dhein sé amach ná raibh aon fháilte roimh na freagraí seo. Bhí gach súil ag gabháil tríd is thosaigh sé ag guí.
6. Labhair an guth arís, 'A Thaidhg Uí Chatháin, fán fada ort is ar do chroí gan rath,' is bhuail an slua na bosa is tógadh Tadhg dá bhonnaibh is rugadh chun siúil é tríd an oíche, thar na sléibhte, thar na riascaibh, thar na móinteáin go dtí gur thuirling sé in áit ná feadair sé.
7. Ar thaobh an bhóthair a bhí sé is é fliuch, fuar, sceimhlithe ina bheatha. Cad a chífeadh sé ansin ach an mhuintir an bóthar aníos chuige, sochraid, sea, agus comhrainn acu -- iad ar fad ina gcorpáin, marbh le mí ar a laghad. Is an bréantas uathu, leagfadh sé capall. Stadadar.
8. 'A Thaidhg Ui Chatháin,' arsa an guth: 'Seas amach anseo ar bholg a' bhóthair!' Ach ní fhéadfadh Tadhg a chos a tharrac le méid an sceoin. D'osclaíodar an chomhrainn, is cad a bhí istigh ach corpán eile; thógadar amach é. Ba bheag nár leag an boladh Tadhg is bhéic sé le halltacht.
9. Chrochadar an corpán seo anuas ar a dhrom. D'fháisc cosa is lámha an chorpáin thairis anonn. Bhéic Tadhg. Bhéic sé an dara huair. Ach bhí na baill bheatha ceangailte aige.

10. 'Dein é seo a chur sa chré go luath, tá sé mí gan chur,' arsa na corpáin leis.

11. 'Corpán! Mí! 'Chríost! Fóir orm, in ainm Dé, fóir orm,' arsa Tadhg ag éamh. Agus seo leis ar fud an bhóthair ag iarraidh an corpán a chaitheamh de anuas.

12. Bhí fuar aige, níor dhein an corpán ach a bhéal lofa a chur le cluais Thaidhg, 'A Thaidhg Ui Chatháin, dein mé a chur, dein mé a chur go luath!' Níl aon chur síos ar an sceon a ghabh Tadhg nuair a chuala sé an guth lena chluas.

13. 'Seo libh ó dheas go Cillín na mBoc,' arsa duine den slua, 'agus dein deabhadh, mar má ghealann an 1á oraibh is mo dhuine ar muin agat, is in ifreann a chríochnóir!'

14. Níorbh é an déistean ach an sceon a thug ó dheas é agus gach béic as. Ghabhadar trí riascaibh is driseoga, trí ghleannta is insí agus gach uair a stadfadh sé chun a anáil a thógaint gheobhadh sé cic ón gcorpán, agus, 'múscail as sin, a bhacaigh, féach an lá ag breacadh orainn!'

15. Chuirfeadh sin ar a dhícheall ó dheas é ag léimrigh thar na clathacha is ag titim isteach sna poill móna is gan de phort uaidh ach, 'Sin deireadh le laochas, a Thaidhg, a stór, sin deireadh le laochas.'

16. Faoi dheireadh nuair a bhaineadar amach Cillín na mBoc is amhlaidh a bhí na geataí daingnithe ina gcoinnibh ag muintir na reilige, is é sin na corpáin. Ina seasamh in airde ar na fallaí a bhíodar is gach sceamh astu, 'reilig ghlan í seo, a dhuine, níl aon fháilte roimh lobhair.' Dhera a dhuine na n-ae is na n-arann ba bheag nár léim Tadhg as a chorp nuair a chuala sé an focal.

17. 'Lobhar! É seo in airde?'